

Gaelscoil Uí Drisceoil, Dúncitil, Gleann Maghair, Co. Chorcaí

Polasaí Measúnaithe

Sonraí Scoile:

Ainm na Scoile:	Gaelscoil Uí Drisceoil
Seoladh:	Dúncitil, Gleann Maghair Co. Chorcaí
Uimhir gutháin:	0214822482
Ríomhphoist:	gaelscoiluidrisceoil@gmail.com
Suíomh na Scoile:	www.gaelscoiluidrisceoil.com
Catagóir:	Gaelscoil Uilchreidmheach 19 oide
Uimhreacha ar rolla:	349

Réamh Raiteas

Cuireadh an polasaí seo le chéile I Mí _____, agus rinneadh athbhreithniú air _____
Ar an gcoiste a chur le chéile é, bhí múinteoirí, baill den mBord Bainistíochta, agus tuismitheoirí.

Réasúnaíocht

Bíonn an teagasc bunaithe ar riachtanais foghlama daltaí, agus is bunchloch an dea- Is é croílár an Pholasáí ná go mbeadh gach rath ar pháistí ar scoil. Déanann an Polasaí iarracht ar pháistí a mbeadh deacrachtaí foghlama acu a aithint chomh luath in Éirinn agus is féidir, ionas go mbeidh ar ár gcumas freagairt uile scoile a chur i bhfeidhm le freastal ar riachtanais na ndaoine sin. Creidimid sa scoil seo gur bunchloch ar an gcuspóir seo é an Polasaí measúnaithe seo. Is ríthábhachtach an rud é i nGaelscoil Uí Drisceoil go spreagfadh an measúnú na daltaí, agus go gcabhródh sé leo caighdeán ard a bhaint amach de réir an chumais atá iontu. Is tábhachtach an rud é chomh maith go mbeadh an measúnú sothuigte do na tuismitheoirí/caomhnóirí, agus go mbeadh fáilte rompu siúd sa phróiseas. Clúdaíonn ár bPolasaí measúnú den fhoghlaim, agus measúnú chun foghlama.

An bhrí a bhainimid as seo ná go gciallaíonn Measúnú den Fhoghlaim (A.O.L), go bhfuil sé ann chun leibhéal feidhmiúcháin an pháiste i dtaobh taisc ar leith a mheas nó gur féidir a leithéid a dhéanamh ag deireadh aonaid teagaisc nó foghlama, agus gur féidir measúnú chaighdeánaithe a úsáid a dhéanfadh comparáid idir

Gaelscoil Uí Drisceoil, Dúncitil, Gleann Maghair, Co. Chorcaí

fheidhmiúchán litearthachta agus uimhearthachta ár ndaltaí agus caighdeáin náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta.

Ar an taobh eile den scéal, ciallaíonn Measúnú chun Foghlama, (A.F.L.) go dtuigimid go dtarlóidh measúnú mar chuid rialta den mhúineadh agus den fhoghlaim agus go gcabhróidh an t-eolas a thagann ón measúnú leis an bpróiseas múinteoireachta agus foghlama inár scoil.

Gaol le hÉiteas sainiúil na scoile

- *Déanann Gaelscoil Uí Drisceoil iarracht cur ar chumas gach linbh a p(h)oitéinseal a fhorbairt i dtimpeallacht ina ndéantar cúram dó/di agus ina gcuirtear luach ar thallannacha gach linbh. Is féidir an obair sin a dhéanamh ar an mbealach is fearr nuair a bhíonn leibhéal ard oscailteachta agus comhoibrithe idir an fhoireann, na tuismitheoirí agus na daltaí.*

Fealsúnacht na Scoile

Is Gaelscoil Uilchreideamhach í Gaelscoil Uí Drisceoil, agus is é seo éiteas na scoile

- **Gaelscoil** - scoil ina múintear gach ábhar trí Ghaeilge i dtimpeallacht spreagúil taitneamhach. Bíonn an Ghaeilge mar theanga phobail sa scoil idir páistí, múinteoirí agus an lucht bhainistíochta
- **Ilchreidmheach** - i.e. tá na cearta céanna iontrála ag gach leanbh, agus meas céanna ar a gcúrla sóisialta, cultúrtha, is religiúnda.
- **Comhoideachasúil** agus tiomanta chun leanaí a spreagadh lena réimse iomlán de chumais is deiseanna a iniúchadh
- **Leanbhlárnach** i gcur chuige an oideachais
- **Daonlathach** ina eagrú is ina reachtáil, le tuisí gníomhach ins an scoil gach lá, fós ag dearbhú agus ag aithint ról proifisiúnta na múinteoirí.

Tá an Príomhoide agus Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta sásta aon mhí- chinnteacht i leith an Pholasaí seo a shoiléiriú. Sa chás nach bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ag teacht go beacht lena chéile is ag an leagan Gaeilge a bheidh tosaíocht.

Aidhmeanna Aidhmeanna agus Cuspóir

Is iad príomhaidhmeanna agus cuspóir an Pholasáí ná:

- Múinteoireacht feabhsaithe agus foghlaim na ndaltaí a éascú
- Nós imeachta a chruthú le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar mheasúnú
- Traiceáil a dhéanamh ar phróiseas na foghlama, rud a chabhróidh le pleanáil fhadtéarmach agus gearrthéarmach na múinteoirí
- Imeachtaí measúnaithe comhordaithe a chur i bhfeidhm ar bhonn uile scoile ina mbeadh páirt ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí i mbainistíocht laigí agus nirt.
- Pleanáil a dhéanamh ar thorthaí measúnaithe na foghlama féachaint conas a thabharfaidís cabhair le múinteoireacht sa todhchaí
- Diagnóisiú a dhéanamh ar dheacrachtaí foghlama chun straitéis idirghabhála a chruthú
- Páistí cumasacha a aithint, iadsan a mbeadh gníomhartha sínteacha uathu
- Aischothú deimhneach a thabhairt don fhoghlaiméir a léireodh bealaí soiléir feabhsúcháin dóibh
- Scileanna feabhsaithe féinmheasúnú a spreagadh
- Taifead a choimeád ar oilteacht na ndaltaí a chabhróidh leis an bpróiseas tuairiscithe
- Sonraíocht bhailí measúnaithe a úsáid le beartú spriocanna a éascú, agus le hionchais agus caighdeáin a ardú

Ábhar an Pholasáí

Tá an polasaí seo claonta i dtreo measúnú a úsáid ar bhealach a chuirfidh riachtanais na ndaltaí uile in iúl dúinn, agus iadsan a bhfuil ardchumas ag baint leo san áireamh, ionas gur féidir pleanáil chuí a chur i bhfeidhm agus straitéis leormhaith luath go leor le gur féidir freastal ar na riachtanais sin.

Trialacha Caighdeánacha

Cuirtear tástálacha léitheoireachta Dhroim Conrach (Gaeilge agus Béarla) ar na daltaí i Mí Bealtaine/Mí an Mheithimh go bliantiúl, ó Naíonáin Mhóra (Gaeilge amháin) go Rang 6.

Cuirtear tástálacha matamaitice Dhroim Conrach ar na daltaí ó Rang 1 – Rang 6.

Baintear úsáid as torthaí na dtástálacha Mí an Bhealtaine/Mí an Mheithimh chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí agus chun pleanáil sa seomra ranga a oiliúint.

Déantar traiceáil ar thorthaí caighdeánaithe na ndaltaí ó Naíonáin Mhóra go rang 6 chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí agus chun pleanáil sa seomra ranga a oiliúint. Cuirtear torthaí na daltaí in iúl i scríbhinn do thuismitheoirí sa tuairisc dheireadh bliana. Seolfar abhaile iad i mí an Mheithimh ionas go mbeidh go

Gaelscoil Uí Drisceoil, Dúncitil, Gleann Maghair, Co. Chorcaí

leor ama ann roimh shaoire an tsamhraidh, le go bhféadfadh tuismitheoirí an tuairisc a phlé le baill fhoirne ábhartha más gá.

Tugtar scóir ó bhéal chomh maith nuair a bhíonn na cruinnithe bliantúla tuismitheoirí agus oidí ar siúl.

Déantar anailís agus plé ar na scóir ó na trialacha caighdeánaithe ar bhonn uile scoile. Baintear úsáid as na torthaí ó na tástálacha seo, agus ó thástálacha eile a chuireann múinteoirí le chéile iad féin chun fócas a chur ar thionscnamh straitéiseach ar fud na scoile. Cabhróidh siad seo le múinteoirí ranga, modh oibre feabhsaithe ó thaobh difreáil churaclaim a chur i bhfeidhm. Is féidir le múinteoirí na torthaí a úsáid chun spriocanna indibhidiúla a leagadh síos a dhéanfadh freastal ar riachtanais na ndaltaí sin a bhfuil deacrachtaí litearthachta nó uimhearthachta acu, agus cuirfear plean gníomhaíochta i bhfeidhm ag teacht leis an bpróiseas céimithe (Féach an Polasaí Tacaíochta Foghlama) le gur féidir na spriocanna sonracha seo a chur i gcrích. Bíonn na pleananna seo breactha síos ag an múinteoir aonair sa scéim pleanála atá aige nó aici.

Measúnú Neamhfhoirmiúil

Bíonn an measúnú foirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar chomhchéim maidir le cabhair a chur ar fáil don mhúinteoir, agus an duine sin ag iarraidh léargas cuimsitheach a fháil maidir le dul chun cinn an dalta indibhidiúil.

Is é an measúnú is mó a bhaintear úsáid as sa scoil seo againne ná breathnóireacht an oide, agus istigh ar seo agus/nó ag cur leis i measc rudaí eile, tá trialacha a cheapann an t-oide, tionscadail, seicliostaí, comhrá leis an mac léinn agus obair bhaile.

Bíonn an measúnú neamhfhoirmiúil sin ar siúl de réir thola an mhúinteora.

Coimeádann an múinteoir aonair taifead de na tástálacha a cheap sé/sí. Bíonn an tsaoirse ag an múinteoir aonair maidir le leagan amach, riar agus minicíocht na tástála sa rang.

Scagadh, Roghnú, Measúnú, agus Athbhreithniú

Céad-Scagadh

‘Siad na múinteoirí ranga nó na múinteoirí tacaíochta a chuirfidh na trialacha scagaidh ar na ranga ina seomra féin ag braith ar an scrúdú. Ceartóidh said iad agus scórálfaidh said iad de réir na láimhleabhar a ghabhann leo. Ansin cuirfidh said an múinteoir tacaíochta foghlama ar an eolas mar gheall ar na torthaí agus pléifear iad i gcomhthéasc an linbh aonarach agus an ranga.

Is iad na modhanna scagtha a bhíonn ag na múinteoirí chun neart nó laige foghlama a aithint inár scoil ná:

- Breathnóireacht an mhúinteora
- Úsáid a bhaint as obair bhaile
- Tástálacha agus tionscadail a cheapann an t-oide féin
- Aiseolas ón bpáiste agus/nó ó thuismitheoir.
- Seicliostaí
- Triail Bellfield ‘Infant Pupil Profile Assessment’ - Múinteoir Ranga
- Triail Scagtha na Naíonán Láir (MIST) – Múinteoir Ranga
- Triail Éirime Gan Léamh – NRIT – Múinteoir Tacaíochta

- Triail Léitheoireachta – Niall Analysis- Múinteoir Tacaíochta
- Triail Chaighdeánaithe – Triail Léitheoireachta Béarla Dhroim Conrach, Trialacha Dhroim Conrach don Léamh Gaeilge agus don Mhata. – Múinteoir Ranga

Naíonain Bheaga

Bellfield Infant Assessment Profile.

Naíonáin Mhóra

M.I.S.T. – Middle Infant Screening Test,
Scrúdú Droim Conrach Caighdeánach Gaeilge
Drumcondra Early Literacy Test
Drumcondra Early Numeracy Test.

Rang 1 – Rang 6

Drumcondra Primary Reading Test
Scrúdú Droim Conrach Caighdeánach- Gaeilge
Scrúdú Droim Conrach Caighdeánach - Mata
Déantar an NRIT ag tús Rang 2.

TACAÍOCHT RANGA

Is iondúil gurb í an Tacaíocht Ranga an chéad chéim agus an chéim is comónta chun réiteach a fháil ar riachtanais a bhíonn ag teacht chun cinn. Baineann an réiteach seo le daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais atá éagsúil nó aonarach agus a mbíonn cur chuigí ag teastáil uathu don fhoghlaim agus/nó don iompraíocht a bhíonn sa bhreis nó a bhíonn éagsúil ó na cur chuigí siúd a theastaíonn ó dhaltaí eile ina rang. Is iondúil go dtosaítear ag réiteach fadhbanna ag an leibhéal seo nuair a bhíonn inní ar thuismitheoir nó ar mhúinteoir faoi dhalta áirithe. Labhraíonn an múinteoir agus na tuismitheoirí le chéile faoin bhfadhb agus pléann siad straitéisí a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach. Bíonn na cur chuigí simplí, neamhfhoirmiúla a bhaineann le réiteach fadhbanna san áireamh saTacaíocht Ranga – cur chuigí a bhíonn in úsáid go minic ag múinteoirí ranga chun tacú le riachtanais a bhíonn ag teacht chun cinn.

TACAÍOCHT SCOILE - Inmhéanach

Ní leor idirghabhálacha ó thaobh na tacaíochta ranga de i roinnt cásanna chun freastal go hiomlán ar riachtanais speisialta oideachais dalta. D'fhéadfadh dá bhrí sin gur ghá Tacaíocht Scoile. Ní mór don mhúinteoir ranga cabhair an mhúinteora tacaíochta foghlama/acmhainne a fháil don phróiseas chun fadhbanna a réiteach ag an bpointe seo agus áirítear leis an bpróiseas eolas a bhailiú ar bhealach níos córasaí agus Plean Tacaíochta Scoile nó Próifíl Foghlama an Dalta Aonair a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar cibé ceann.

TACAÍOCHT SCOILE Eismhéanach

Más riachtanais throma agus/nó riachtanais leanúnacha na riachtanais speisialta oideachais a bhíonn ag dalta is mó seans go mbeidh diantacaíocht ag teastáil uaidh/uaithi. Is gnách go mbíonn baint ag daoine nach baill d'fhoireann na scoile iad le Tacaíocht Scoile Móide sa phróiseas ar fhadhbanna a réiteach, ar mheasúnú agus ar idirghabháil. Is é an t-eolas a gheofar as na pleananna Tacaíochta Ranga agus Scoile an túsphointe chun fadhbanna a réiteach ag an leibhéal seo. Beidh tábhacht i gcónaí leis an tacaíocht ranga agus an tacaíocht scoile sa Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair.

Trialacha Dhiagnóisigh

An múinteoir tacaíochta foghlama a thugann na trialacha dhiagnóisigh, chun láidreachtaí agus fadhbanna gach leanbh a roghnaítear a aithint. Pléifear na torthaí leis na múinteoirí ranga agus leis na dtuismitheoirí.

I ngach cás pléifear an tacaíocht is oiriúnaí don leanbh agus an minicíocht.

Roghnú daltaí do mhúinteoireacht bhreise

Critéirí

Tabharfar tús áite do leanaí a bhíonn ag STEN 2 nó faoina bhun sna trialacha caighdeánacha ó thaobh an Bhéarla agus Mata dó agus na leanaí a bhíonn aitheanta le mór fhadhbanna foghlama de réir scrúdaithe sicéolaíochta. Glacfar le páistí le scór STEN 4 nó níos ísle ina dhiaidh sin le comhairle an mhúinteora agus ansin daltaí go bhfuil difríocht suntasach idir an scór ar an NRIT agus na scrúdaithe caighdeánacha. Cuirfear béim ar na ranganna sóisearacha ar dtús.

Sa Ghaeilge tabharfar tús áite do na leanaí nach bhfuil dul chun cinn sásúil a dhéanamh acu agus iad aitheanta ag an múinteoir ranga / torthí Drumcondra. Tá sé mar aidhm againn dianmhúinteoireachta a chur ar fail do na leanaí a roghnítear. Tá polasaí an luathidirghabhála ag brath ar dhearcadh proifísiunta na múinteoirí ó ranganna naionáin go rang a 2.

Cead na dTuismitheoirí

Tá cead na dtuismitheoirí ag teastáil sula ndéanfar aon mheasúnú dhiagnóisigh ar aon leanbh agus sula gcuirfear múinteoireacht tacaíochta foghlama ar fáil do aon leanbh lasmuigh den seomra ranga.

Cruinniú Foirne

Freastalóidh an múinteoir tacaíochta foghlama ar na cruinnaithe foirne agus beidh seans ag gach tuismitheoir bualadh leí / leis ag an bpointe seo agus go foirmiúl / go neamh-foirmiúl i rith na bliana.

Taifeadadh

Coimeádfaidh an múinteoir tacaíochta na cúntais seo ar gach dalta:

- torthaí na scrúdaithe atá déanta
- clár foghlama agus faisnéise
- cúntas reatha ar obair agus dul chun cinn an pháiste

- bileoga oibre agus samplaí oibre

An Clár Foghlama

Déanfaidh an múinteoir tacaíochta clár foghlama agus faisnéise (individual profile and learning programme) do gach dalta atá ag fáil múinteoireacht breise tar éis scrúdaithe caighdeánacha, scrúdú fáithmheasta agus dul i gcomhairle leis an múinteoir ranga agus na tuistí.

Líonfar an doiciméad “Continuum of Support Student File’ i gcomhairle leis an múinteoir ranga, tuismitheoirí is múinteoirí tacaíochta foghlama/acmhainne.

I ngach clár foghlama agus faisnéise beidh:

- spriocanna foghlama le sroichint taobh istigh de téarma múinteoireachta
- gníomhaíochtaí le déanamh sa rang, leis an múinteoir tacaíochta agus sa bhaile
- dáta measúnaithe nuair a dhéanfar measúnú ar an dul chun cinn agus cinneadh ar faoi riachtanais an pháiste.

Coimeádfaidh an múinteoir tacaíochta cuntas ar an obair atá á ndéanamh le gach grúpa nó dalta.

Déantar taifead ar an amhscór, an scór caighdeánach agus an rangú peircintíle ar theimpléad chuntais an ranga, cuireann an múinteoir aonair i dtaisce iad san oifig, agus coimeádann an Fhoireann Tacaíochta cóip chrua de na torthaí faoi stiúir Charoline Ruiséal.

Measúnú Diagnóiseach

De ghnáth beidh trialacha dá leithéid faoi riarachán bhall d’Fhoireann Mhúinteoireachta Tacaíochta na scoile, tar éis téarma idirghabhála a chur i bhfeidhm sa rang leis mhúinteoir ranga, le hatreorú ón mhúinteoir ranga, agus dul i gcomhairle leis na tuismitheoirí/caomhnóirí. Déantar tástálacha dá leithéidí a riar de réir an mhodha oibre a mhol an Ciorclán 02/05, ina ndéanann an múinteoir ranga cur chuige céimithe a chur i bhfeidhm sula mbaintear úsáid as an measúnú diagnóiseach. (Féach Polasaí faoi Thacaíocht Foghlama).

Má bhíonn gá le measúnú síocoideachasúil, lorgaítear cead chuige ó na tuismitheoirí. Cuirtear ainmneacha na bpáistí sin ar liosta feithimh NEPS nó luaitear le gníomhaireachtaí eile iad, de réir mar is gá. Líonann na tuismitheoirí agus an múinteoir foirm toilithe agus eolais sula bhfeicfidh an tSiceolaí NEPS ‘Lucy Gannon’ an mac léinn.

Taifead

Coimeádtar na torthaí ó na trialacha caighdeánaithe go slán i gcomhad cartlainne go dtí go mbíonn 21 bliana slánaithe ag an dalta. Déantar tuairiscí scoile deireadh bliana

Gaelscoil Uí Drisceoil, Dúncitil, Gleann Maghair, Co. Chorcaí

a thairfead ar theimpléad an NCCA rud atá faofa le húsáid ar fud na scoile, agus coimeádtar go slán iad go digiteach ar fhriothálaí na scoile.

Bealach isteach ar thorthaí measúnaithe

Bíonn gach aon taifead maidir le measúnú páiste aonair faoi rún. Is féidir bealach isteach d'eolas measúnaithe an duine aonair, nó eolas grúpa nó eolas ranga a chur ar fáil do na daoine ceaptha seo faoi thosca oiriúnacha:

Cur chuige na Scoile uile

Múinteoir ranga an pháiste

- Múinteoir an ranga ina gcuirfí an páiste ina dhiaidh sin
- Múinteoirí tacaíochta ábhartha agus daoine proifisiúnta ábhartha eile
- An Príomhoide
- Cigirí na Roinne Oideachais agus oifigigh ábhartha eile
- Síceolaí ábhartha NEPS
- An Bord um Leas Oideachais agus a chuid oifigigh
- Tuismitheoirí agus/nó Caomhnóirí a bheadh teacht acu ar eolas faoi mheasúnú a gcuid páistí féin
- Bunscoil nó Iar-bhunscoil eile ina gcuirfí an mac léinn. Cuireann An Ghaelscoil cóipeanna den tuairisc dheireadh bliana, chomh maith le torthaí ó na tástálacha caighdeánaithe ar aghaidh chuig na scoileanna cuí.

Ag teacht leis an Straitéis Uimhearthachta agus Litearthachta 2011 seolfar ar aghaidh torthaí comhiomláin ar na trialacha caighdeánaithe chuig an mBord Bainistíochta agus chuig an Roinn Oideachais.

Critéir Ratha

Beimid sásta gur éirigh leis an bPolasaí seo:

- Má éiríonn linn luathaithe agus luathidirghabháil a chur i bhfeidhm
- Má éiríonn linn soiléireacht a sroicheadh faoi nósanna imeachta an chur chuige céimithe
- Má bhíonn nósanna imeachta shoiléir ann, agus sainmhíniú ar róil agus ar fhreagracht
- Má roinntear eolas go héifeachtach i measc oidí

RÓIL AGUS FREAGRACHT:

An Múinteoir Ranga:

Bíonn freagracht ar an mhúinteoir seo maidir le riar, ceartú, agus taifead na dtrialacha de réir mar atá leagtha síos do na ranganna. Tá an múinteoir ranga freagrach as cóip de na torthaí a chur ar aghaidh chuig múinteoir Caroline Ruiséal agus an P.O.

.Líonann an múinteoir ranga an cárta den tuairisc scoile deireadh bliana agus déanann na torthaí ar na trialacha a scríobh i bhfoirm STEN ar an gcárta tuairisce.

Múinteoirí Tacaíochta Foghlama:

Déanann na múinteoirí tacaíochta foghlama torthaí ó thrialacha a bhailiú, na torthaí a phlé le múinteoirí ranga i gcomhairle leis an bpríomhoide agus anailís a dhéanamh ar na torthaí ar bhonn na scoile uile. Is féidir leis an fhoireann tacaíochta foghlama na trialacha caighdeánaithe a ordú agus a scaipeadh. Má bhíonn dalta as láthair lá na dtástálacha, déanfaidh an fhoireann tacaíochta foghlama gach iarracht an dalta a thástáil ar lá oiriúnach eile seachas páistí atá imithe ar laethanta saoire.

An Príomhoide: Freagracht fhoriomlán.

Éascaíonn an príomhoide seachadadh tuairiscí agus torthaí tástálacha caighdeánaithe nuair a théann daltaí ar aghaidh chuig Iar-bhunscoil nó scoil ar bith eile, agus déanann maoirsiú ar sheachadadh thráthúil tuairiscí scoile deireadh bliana chuig an mbaile.

Caithfear bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar aischothú do dhaltaí:

- (a) Sa chomhthéacs go mbíonn caidreamh leanúnach idir an dalta agus an múinteoir i dtimpeallacht dhearfach foghlama.
- (b) Trí chaint agus míniú atá oiriúnach d'aois an dalta a úsáid.
- (c) Ar bhealach a thabharfadh míniú íogair ar laigí nó ar neart, rud a spreagfadh feidhmíocht fheabhsaithe.

Chun bheith éifeachtach caithfidh tuairisciú do thuismitheoirí/caomhnóirí:

- (a) Cumarsáid shoiléir a chur ar fáil maidir leis an méid atá bainte amach agus iarracht na ndaltaí, dhá uair sa bhliain agus ó bhéal ar ócáidí cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí, agus i scríbhinn roimh dheireadh na scoilbhliana. Foilsítear grafanna de thorthaí na scrúdaithe caighdeánacha ar shuíomh na scoile is roinntear an teolas leis an mbord bainistíochta.
- (b) Comhsheasmhacht idir ranganna a chur ar fáil ionas gur féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí muinín bheith acu go bhfuil léargas oibiachtúil ar fáil dóibh maidir le feidhmíocht na bpáistí.
- (c) Bheith i dteanga ghonta, oiriúnach, soléite, gan béarlagair ar bith ann.
- (d) Fáthmheas a thabhairt ar laigí agus ar neart na ndaltaí, agus straitéis shoiléir feabhsaithe á mholadh.
- (é) Míniú a thabhairt ar an mbrí atá le scóir STEN nó le torthaí trialacha eile.

Tagairtí

Tacaíocht don Fhoghlaim-Treoirilínte-An Roinn Oideachais agus Scileanna 2000

Gaelscoil Uí Drisceoil, Dúncitil, Gleann Maghair, Co. Chorcaí

Litearthacht agus Uimhearthacht Feabhsaithe do Pháistí agus don Óige-Aighneacht ón CNCM (2011)

R.O.S. Ciorclán 0056/2011 Céimeanna tosaigh chun an Straitéis Náisiúnta
Litearthacht agus Uimhearthacht a chur i bhfeidhm.